



**An Roinn  
Cultúir, Oldhreacht agus Gaeltachta**  
**Department of  
Culture, Heritage and the Gaeltacht**

# AN CISTE UM STRUCHTÚIR I mBAOL CIORCLÁN AN CSB/2018

Samhain 2017

**Ábhar**

---

1. Cúlra agus Cuspóir an Chiste um Struchtúir i mBaol
2. Cáilitheacht, Oibreacha Cáilitheacha agus Neamhcháilitheacha
3. An Próiseas Iarratais
4. Treoir maidir leis an Ráiteas Modha
5. Iarratais a Chur Isteach
6. An Próiseas Measúnaithe
7. Maoiniú a Aisghabháil
8. Eolas Ginearálta

**Giarrúcháin**

LCA	Limistéar Caomhantais Ailtireachta
OCA	Oifigeach Caomhantais Ailtireachta
SIOT	Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha
RCOG	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
RTPRÁ	An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
ÚÁ	Údarás Áitiúil
ACOG	An tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
TSC	Taifead de Struchtúir atá faoi Chosaint
CSB	An Ciste um Struchtúir i mBaol 2018

**Aguisíní**

- I. Foirm Iarratais A – le comhlánú ag an Iarratasóir
- II. Seicliosta /Forléargas – le comhlánú ag Údarás Áitiúil
- III. Foirm Iarratais B – le comhlánú ag Údarás Áitiúil
- IV. Foirm Aisghabhála Éilimh C – le comhlánú ag Údarás Áitiúil

## 1. Cúlra agus Cuspóir an Chiste um Struchtúir i mBaol

### 1.1 Ról na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

Tá príomhréimsí freagrachta na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta maidir le hoidhreacht thógtha dírithe ar pholasaithe agus ar reachtaíocht a fhorbairt, a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm chun an oidhreacht thógtha a chosaint agus chun dea-chleachtas caomhantais a chur chun cinn.

Mar atá sonraithe sna hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt agus sna rialacháin gaolmhara, feidhmíonn an RCOG thar ceann an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (an ACOG) agus í i mbun a cuid dualgas mar chomhlacht forordaithe chun críocha cosaint na hoidhreachta ailtireachta, mar aon le ról mórán mar a chéile a sholáthar i ndáil le cosaint na hoidhreachta seandálaíochta agus nádúrtha.

Is iad na húinéirí agus na háititheoirí príomhchoimeádaithe na struchtúr, arna gcosaint faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), agus tá siadsan, i dteannta na n-údarás pleanála, freagrach as cosaint na struchtúr.

### 1.2 Cuspóir na Scéime:

Cabhraíonn an ciste seo le hoibreacha chun struchtúir stairiúla áirithe a chosaint sa toadhcháí, struchtúir i dtuairim an RCOG, a bhfuil gá práinneach léirithe ina leith. Tá sé mar aidhm aici an baol a bhaineann le meath oidhreacht ailtireachta na hÉireann a laghdú agus ag an am céanna tacú le fostaíocht a chruthú do ghairmithe, conraitheoirí agus speisialtóirí caomhantais. Tacaíonn an ciste chomh maith tacú le húinéirí/áititheoirí lena dtiomantas fadtéarmacha do thodhcháí na hoidhreachta ailtireachta a chosaint.

### **Ní bheidh ach struchtúir nó páirteanna de struchtúir atá i mbaol suntasach meatha i láthair na huaire cáilithe lena mbreithniú do mhaoiniú ón RCOG.**

Níl sé beartaithe ag an CSB cabhrú le cothabháil, athruithe nó feabhsúcháin laethúla a dhéanamh. Ní mór gur oibreacha **caipitiúla** na hoibreacha go léir a chuirtear i gcrích faoin CSB. I ndáil leis an méid chionroinnte do Thithe Stairiúla na hÉireann atá faoi úinéireacht phríobháideach, cuirfear maoiniú ar fáil ar bhonn oibreacha caomhantais atá straitéiseach agus práinneach.

### 1.3 Scóip an Chiste:

Oibreoidh an CSB in 2018 le maoiniú den mhéid **€1,324,000** atá ar fáil; déanfar **€74,000** de sin a leithdháileadh le haghaidh cistiú i leith an cineál tí atá clúdaithe ag *Plean Gníomhaíochta do Thodhcháí Inbhuanaithe Thithe Stairiúla na hÉireann* a seoladh in 2015.

---

Ó tharla nach bhfuil ach acmhainní teoranta caipitil ar fáil d'oibriú an CSB in 2018, déanfaidh an RCOG measúnú ar 4 iarratas ó gach údarás áitiúil (LA), a mbeidh foirgneamh amháin faoi úinéireacht phoiblí. Is féidir an cúigiú iarratas a dhéanamh má bhaineann sé le Tithe Stairiúla na hÉireann atá faoi úinéireacht phríobháideach.

Ní sháróidh luach iomlán an mhaoinithe a bheith ar fáil do gach tionscadal aonair **80%** de chostas iomlán an tionscadail.

Beidh an t-íosleibhéal maoinithe a bheidh ar fáil faoin **CSB** cothrom le **€15,000** agus is **€30,000** an **deontas is mó a bheidh ar fáil.**

Beidh an t-íosleibhéal maoinithe a bheidh ar fáil faoin don cúigiú tionscadal maidir le **teach stairiúil faoi úinéireacht phríobháideach** cothrom le **€5,000** go huasmhéid **€10,000.**

## 2. Cáilitheacht, Oibreacha Cáilitheacha agus Neamhcháilitheacha

### 2.1 Struchtúir Incháilithe:

**Struchtúir faoi Chosaint:** na struchtúir sin atá luaite sa Taifead de Struchtúir atá faoi Chosaint (TSC) atá ag gach údarás áitiúil <sup>1</sup>

**Struchtúir atá incháilithe nó beartaithe a chur san áireamh in TSC** ach nach bhfuil ceadaithe go foirmiúil lena gcur san áireamh go fóill. Ní mór do na struchtúir sin freastal ar na critéir lena n-áireamh san TSC ag an údarás áitiúil, m.sh. ní mór go mbeadh spéis ar leith ann ó thaobh ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíne, cultúir, eolaíochta, sóisialta nó teicniúla.

**Struchtúir i Limistéir Chaomhantais Ailtireachta** (ACAanna), nó i gcóngaracht do Shéadchomhartha Náisiúnta, sa chás go measann an Roinn imthosca eisceachtúla a bheith i gceist.

### 2.2 Oibreacha Incháilithe:

**Díonta:** Oibreacha chun cobhsaíocht struchtúrtha agus/nó doichte aimsire dín a chinntiú trí ábhair agus mionsonraí cuí a úsáid; ba chóir tosaíocht a thabhairt do tharrtháil agus athúsáid sclátaí agus ábhair eile ón struchtúr atá ann cheana féin. Oibreacha chun díonta ceann tuí a dheisiú trí úsáid a bhaint as ábhar agus sonraí traidisiúnta atá cuí agus comhoiriúnach, tá gíolcach cheadmhach nuair a théann sí in áit díon gíolcaí. Oibreacha chun bratra miotail, líniú agus fleascadh gáitéir (ábhair úsáidte cosúil le luaidhe, copair nó sinc) a bhfuil damáiste déanta dóibh nó atá ar iarraidh a athnuachan. Sa chás go bhfuil baol ann go ngoidfear miotalóireacht ó dhíon, d'fhéadfadh go mbeadh sé inghlactha úsáid a bhaint as ábhair ionadacha mar réiteach eatramhach.

**Diúscairt uisce báistí:** Oibreacha chun earraí uisce báistí a dheisiú nó, nuair nach féidir sin a dhéanamh, earraí uisce báistí a athsholáthar d'fhonn diúscairt éifeachtach uisce ón bhfoirgneamh a chinntiú. Ba chóir luaidhe agus iarann teilgthe a úsáid san áit a raibh luaidhe agus iarann teilgthe in úsáid. Sa chás gur ann do bhaol gadaíochta nó loitiméireachta, áfach, d'fhéadfadh go mbeadh sé inghlactha úsáid a bhaint as ábhair ionadacha mar réiteach eatramhach.

**Ballaí seachtracha:** Oibreacha chun cobhsaíocht struchtúrtha agus/nó doichte aimsire an imchlúdaigh foirgnimh a chinntiú. Oibreacha chun lochtanna nó fadhbanna a d'fhéadfadh damáiste tromchúiseach a dhéanamh d'ábhair amach anseo má fhágtar gan chóireáil iad a chur ina gceart, leithéidí socrú bunsraithe, titim simléir, fungas ar adhmaid nó aistriú salainn laistigh den ábhar.

**Fuinneoga, doirse agus gnéithe gaolmhara:** Oibreacha chun uisce isteach a sheachaint. Oibreacha chun gnéithe suntasacha den siúinéireacht sheachtrach a dheisiú lena laghad adhmaid nua a chur in áit an adhmaid atá ag lobhadh. Deisiú fuinneoga gloine daite agus na hoibreacha gaolmhara de réir an dea-chleachtais atá leagtha amach i gCaibidil 6 de *Caomhnú Ionaid Adhartha*, Sraith Chomhairleach (2011), <http://www.chg.gov.ie/app/uploads/2015/07/The-Conservation-of-Places-of-Worship-2011.pdf>.

<sup>1</sup> Áirítear sa sainmhíniú ar 'struchtúr' i ndáil le struchtúr faoi chosaint nó struchtúr atá beartaithe a bheith faoi chosaint an struchtúr féin agus an chuid inmheánach, an talamh laistigh de chúirtealáiste an struchtúr agus aon struchtúr eile laistigh den chúirtealáiste sin agus an chuid inmheánach, agus gach daingneán agus gné arb ionann iad agus páirt de chuid inmheánach nó sheachtrach aon cheann de na struchtúir seo (Alt 2, *An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000* (arna leasú)).

**Laistigh:** Oibreacha chun gnéithe inmheánacha struchtúrach ar nós urláir, ballaí, staighrí agus landairí a dheisiú. Oibreacha le gnéithe maisiúil ar díol suntais iad ar nós plástráil balla agus síléála, siúinéireacht inmheánach agus feistis agus gnéithe maisiúcháin mar is cuí a chaomhnú.

**Oibreacha sealadacha:** Oibreacha chun an baol a bhaineann le titim iomlán nó páirteach struchtúir a laghdú, faoi réir chothabháil aeráil oiriúnach an struchtúir agus cosaint ghnéithe suntasacha an fhoirgnimh ó chontúirt. In imthosca eisceachtúla, sa chás go meastar é a bheith riachtanach daingneáin nó gnéithe ar díol spéise iad a bhaint anuas ar mhaithe lena slánchoinneáil, déanfar a leithéid ar an gcoinníoll go mbeidh tograí inghlactha maidir le stóráil dhaingean san áireamh ionas go mbeifear in ann iad a athchur ina dhiaidh sin laistigh d'amhráma sonraithe.

**Fothracha stairiúla:** Oibreacha chun saoirseacht nó gnéithe eile i mbaol a chobhsú.

**Oibreacha eile:** Féadfaidh an t-iarratasóir agus/nó an t-údarás áitiúil cás a dhéanamh maidir le hoibreacha eile a mheasann siad go bhfuil sé fíorthábhachtach go ndéanfaidh an RCOG iad a bhreithniú.

### 2.3 Oibreacha Neamhcháilitheacha:

**Cothabháil rialta, athruithe agus miondeisiúcháin:** Glactar leis gur dualgas de chuid an úinéara/an áititheora oibreacha den chineál seo agus gur chóir a leithéid d'oibreacha a dhéanamh go rialta ar mhaithe le struchtúr a chosaint ó chontúirt.

**Athruithe agus feabhsúcháin:** Oibreacha nua ar struchtúr, mar shampla suiteáil nó athnuachan seirbhísí tógála, insliú teirmeach, taisdionadh, athchóiriú lochta agus síntí. Oibreacha chun carachtar struchtúir a athchóiriú.

**Scartáil:** Oibreacha chun páirt nó gné ar bith de struchtúr a scartáil nó a thógáil as cé is moite de chás a bhaineann le baint anuas go cúramach sula dtabharfar faoi scéim chomhaontaithe deisiúcháin nó cur ar ais.

**Athchóiriú agus atógáil:** Oibreacha a bhfuil athchóiriú agus atógáil iomlán nó pháirteach de ghnéithe de struchtúr d'fhothrach stairiúil atá cailte nó scriosta.

**Oibreacha nach bhfuil riachtanach** chun caomhnú an struchtúir a chinntiú, lena n-áirítear oibreacha chun éifeachtúlacht fuinnimh (amhail aonaid dhéghloinithe, insliú balla nó urláir nó inathnuaiteáin a shuiteáil) a fheabhsú.

**Oibreacha a bhfuil tús curtha leo** gan cigireacht a bheith déanta ag an údarás áitiúil.

Ní mór go mbeadh na hoibreacha incháilithe uile faoi réir chaighdeáin dea-chleachtais mar atá leagtha amach i *dTreoirínte na Roinne do na hÚdaráis Pleanála maidir le Cosaint na hOidhreacht Ailtireachta* (2011) <http://www.chg.gov.ie/app/uploads/2015/07/Architectural-Heritage-Protection-Guidelines-2011.pdf> agus sna himleabhair ábhartha i *Sraith Chomhairleach na Roinne*. (<http://www.chg.gov.ie/heritage/built-heritage/architectural-heritage-advisory-service/advice-for-owners/>)

### 3. An Próiseas Iarratais

#### 3.1 Léargas

Breathnóidh an RCOG ceithre iarratas ó gach údarás áitiúil (LA), a mbeidh foirgneamh amháin faoi úinéireacht phoiblí ar cheann acu.

Féadfaidh gach LA iarratas breise amháin a chur isteach a bhaineann le Teach Stairiúil in Éirinn atá faoi úinéireacht phríobháideach.

Moltar do gcuirfidh gach ÚÁ **fógra** maidir leis an Scéim ar a láithreán gréasáin.

Moltar go ndéanfaidh gach ÚÁ gach foirm iarratais a mheas agus úsáid á baint as na critéir atá curtha ar fáil ag an RCOG, ag tabhairt cibé breithiúnas is cuí ar iarratais a bhaineann le struchtúir atá faoi úinéireacht phoiblí agus phríobháideach.

Ainneoin go ndéanfaidh an RCOG gach iarratas a chuireann údarais áitiúla faoina bráid a bhreithniú, **ní gá go n-éireodh le gach iarratas.**

Ba chóir d'údarais áitiúla a chinntiú gur dócha go gcabhróidh an maoiniú atáthar tar éis a lorg **go suntasach** le deireadh a chur leis an mbaol agus chun tuilleadh meatha an struchtúir a chosc, agus ar an tslí sin a chinntiú go mairfidh an struchtúr sna blianta atá le teacht.

Ós rud é gurb é is aidhm leis an scéim an baol a bhaineann le meath oidhreacht seandálaíochta na hÉireann a laghdú agus ag an am céanna tacú le fostaíocht sna tionscail chaomhantais agus tógála, éileofar ar an iarratasóir sonraí a sholáthar maidir le buntáiste fostaíochta an tionscadail. sa chás go bhfuil oibríthe san earnáil phoiblí ag obair ar thionscadal **níor chóir iad a chur san áireamh** chun críocha na fostaíochta cruthaithe.

Ní mór go ndéanfaidh an tOifigeach Caomhantais Ailtireachta (OCA) **cigireacht** ar an struchtúr cáilithe nó, sa chás nach bhfuil an OCA fostaite, go ndéanfaidh ball d'fhoireann ghairmiúil inniúil an Údarais Áitiúil an feidhm seo a chur i gcrích.

*Chomh maith leis sin, ba chóir go gcinnteodh údarais áitiúla go mbeidh na hoibreacha caomhantais atá beartaithe ag na hiarratasóirí **á maoirsiú ag gairmí /gairmithe caomhantais atá cáilithe go cuí agus a bhfuil an taithí chuí acu.** Tuigeann an RCOG go bhféadfadh eisceachtaí áirithe a bheith i gceist sa chás gur ag an gcleachtóir atá an saineolas, e.g. tuíodóir nó saor cloiche. Ní mór go gcinnteodh údarais áitiúla go bhfaighfear na deimhniúcháin riachtanacha go léir de réir mar is cuí nuair a bhíonn oibreacha ar bun agus nuair a bheid siad críochnaithe.*

Éileoidh an RCOG tuarascálacha eastramhacha ar dhul chun cinn ón Údarás Áitiúil ag deireadh **mhí an Mheithimh 2018**, a thabharfaidh le fios cibé an bhfuil conradh bronnta, an bhfuil tús curtha leis an obair agus an maoiniú, más ann dó, íoctha leis an iarratasóir. Sa chás nach bhfuil tús curtha le tionscadal faoin **7 Deireadh Fómhair 2018**, tá an ceart ag an Roinn, tar éis dul i gcomhairle leis an údarás áitiúil ábhartha, an maoiniú a athdháileadh chuig tionscadal eile.

Féadfaidh an Roinn maoiniú a leithdháileadh agus a athdháileadh de réir mar is cuí, lena n-áirítear chuig tionscadail a chomhlíonann na critéir don scéim sa chás ina bhfuil gá práinneach tagtha chun cinn i gcaitheamh na bliana.

### 3.2 An Próiseas Iarratais d'Úinéirí/Áititheoirí

Ní mór do na húinéirí (nó na háititheoirí le toiliú an úinéara) iarratais a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil ábhartha (ar **Foirm Iarratais A – féach Aguisín I**) faoi spriocdháta a bheidh sonraithe ag an údarás áitiúil, ach faoin **31 Eanáir 2017** ar a dhéanaí.

Sna cásanna sin ina bhfuil an struchtúr **faoi úinéireacht Údaráis Áitiúil**, nó sa chás go bhfuil cúnamh airgeadais á sholáthar ag Údarás Áitiúil d'oibreacha ar struchtúr atá i gcontúirt faoi Alt 59, 69 agus/nó 70 den *Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000* (arna leasú), féadfaidh oifigeach ainmnithe an Údaráis Áitiúil sin an t-iarratas a dhéanamh.

Iarrtar go lorgóidh an tÚdarás Áitiúil grianghraif dhigiteacha ar ardchaighdeán den tionscadal ón iarratasóir sula dtosóidh na hoibreacha - grianghraif a d'fhéadfaí a úsáid níos déanaí chun comparáid 'roimh agus ina dhiaidh' a úsáid ar mhaithe le tuarascálacha.

Tabhair ar aird le do thoil go gcoimeádann an RCOG an ceart úsáid a bhaint as aon cheann de na híomhánna nó as na híomhánna ar fad atá curtha ar fáil ag an iarratasóir nó an údarás áitiúil chun fógraíocht nó poiblíocht a dhéanamh ar an scéim. Moltar d'iarratasóirí agus d'údaráis áitiúla cead a fháil íomhánna a úsáid (más gá) sula gcuireann siad a leithéid d'íomhánna faoi bhráid an RCOG.

Ní mór don úinéir/áititheoir **Ráiteas Modha** cuimsitheach a sholáthar le gach iarratas (féach Cuid 4 chun treoir a fháil maidir le Ráitis Mhodka).

Má tá plean caomhantais nó ráiteas modha do thionscadal coimisiúnaithe ag iarratasóir nó ag údarás áitiúil do thionscadal cheana féin, glacfaidh an RCOG le **codanna ábhartha** den cháipéisíocht seo mar chuid d'iarratas fad is go bhfuil na critéir atá sa cháipéis seo á gcomhlíonadh.

Glacfaidh an RCOG le hábhar forlíontach leis an bhfoirm iarratais **MÁ TÁ** tionchar díreach aige ar iarratas (i.e. tuairiscí deindreacrineolaíochta, tuairiscí seandálaíochta, taighde teicniúil, siúinéireacht agus anailís ábhar, líníochtaí anailíseacha agus tríthoiseacha, miontaighde stairiúil, etc).

### 3.3 An Próiseas Iarratais d'Údaráis Áitiúla

Ba chóir iarratais a measann an tÚdarás Áitiúil a bheith incháilithe agus a bhfuil na critéir á gcomhlíonadh acu a chur faoi bhráid an RCOG lena mbreithniú faoin spriocdháta **4 p.m. an 16 Feabhra 2018**, mar aon le hachóimre agus seicliosta comhlánaithe (**Aguisín II**) agus Foirm Iarratais B (**Aguisín III**).

Ní mór d'údaráis áitiúla a chinntiú go bhfuil Foirm A go hiomlán comhlánaithe ag an iarratasóir, agus go bhfuil téarmaí an Chiorcláin á gcomhlánú, go háirithe –

- Nach mó an méid maoinithe a iarrtar ná an t-uasmhéid deontas atá ar fáil.
- Go bhfuil méid agus foinse an mhaoinithe meaitseála luaite go soiléir.
- Gur dearbhaíodh mionsonraí ar mhaoiniú eile ón Státchiste, lena n-áirítear maoiniú a ndearnadh iarratas air faoin BHIS



Ní mór ríomhphost ar leith a sheoladh chuig [CSB@chg.gov.ie](mailto:CSB@chg.gov.ie), agus cinntigh go bhfuil an t-ábhar ábhartha ar fad maidir leis an iarratas sin sa ríomhphost. Níor chóir go mbeadh an ríomhphost os cionn 15MB. Ní ghlacfar le codanna d'iarratais ná iarratais nach bhfuil comhlánaithe ina n-iomláine, ná iliomad iarratas in aon ríomhphost amháin.

Ba chóir 'CSB 2018' a chlósscríobh i líne ábhair an ríomhphoist mar aon le hainm an tionscadail agus ainm an údarais áitiúil.

**Is trí ríomhphost agus sin amháin a ghlacfar le hiarratais. Ní ghlacfaidh an RCOG le hiarratais chruachóipe ná FORMÁID AR BITH EILE gan SOCRÚ A BHEITH DÉANTA ROIMH RÉ.**

## 4. Treoir maidir leis an Ráiteas Modha

### 4.1 Ráiteas Modha

Ní mór go ndéanfadh an **Ráiteas Modha** cur síos ar riocht an struchtúir, agus go dtabharfadh sé sonraí maidir leis an tslí a gcuirfear na hoibreacha caomhantais/deisiúcháin i gcrích. Ní gá gur cáipéis fhada a bheadh ann ach ní mór go mbeadh sí **oiriúnach do nádúr agus do scála na n-oibreacha beartaithe**, m.sh. Ní gá go mbeadh an oiread céanna sonraí i Ráiteas Modha maidir le tuí a chur ar dhíon in athuir agus a bheadh i gceann maidir le deisiúcháin struchtúrtha nó saoirseachta. Níor chóir go mbeadh níos mó ná **DEICH LEATHANACH A4** i gceist.

Ba chóir go mbeadh aon oibreacha beartaithe ag teacht le dea-chleachtas caomhantais agus ba chóir go mbeadh sé mar aidhm modhanna idirghabhála nach ndéanfaidh mórán damáiste a úsáid. Ba chóir go mbeadh oibreacha bunaithe ar thuiscint cheart ar an struchtúr, agus ba chóir úsáid a bhaint as ábhair chuí. Ba chóir gurb é an aidhm a bheadh ann stop a chur le tuilleadh meatha trí dhéileáil leis an rud atá ag cruthú baoil don struchtúr. Níor chóir athsholáthar a dhéanamh ar ábhar bunaidh ach amháin nuair is gá agus níor cheart a leithéid a dhéanamh ach amháin nuair nach bhfuil rogha ar bith eile ann. Ba chóir go mbeadh oibreacha beartaithe á ndéanamh ag cleachtóirí caomhantais atá cáilithe go cuí agus a bhfuil taithí acu ar ábhair agus ar theicnící stairiúla.

**Ba chóir go n-áireodh an Ráiteas Modha an méid seo a leanas:**

#### 1. Cur síos achomair ar an struchtúr

Ba chóir gurb ionann é seo agus cur síos achomair ar an struchtúr atá ann faoi láthair, mar aon le tagairt do ghnéithe suntasacha, dreach, suíomh, foirm, feidhm faoi láthair, suntas, cúlra gairid ailtireachta (má tá a leithéid ar fáil) agus na hábhair a bhfuil sé déanta astu.

#### 2. Cur síos ar na hoibreacha atá beartaithe


Ba chóir go mbeadh tagairt ann do shaincheisteanna ar baol iad, na hoibreacha deisiúcháin atá beartaithe, conas a dhéanfar an obair, na hábhair a bheidh in úsáid agus an bealach a dhéanfar ábhar an fhoirgnimh a chaomhnú. Ní mór go mbeadh pleananna, línióchtaí agus meáin amhairc thacaíochta cosúil le gearrthóga físe, grianghraif nó léaráidí eile san áireamh ann agus ba chóir go ndéileálfaí leis na nithe seo a leanas:

- An oibreacha sealadacha nó buana atá i gceist?
- Cén cineál deisiúcháin atá beartaithe agus ag cén láthair?
- Cén cineál cóireála/athsholáthair d'ábhar damáistithe a bhfuiltear ag súil leis?
- Cén cineál ábhar athsholáthair (más ann dá leithéid) a bheidh i gceist?
- Sonraí maidir le maoirseacht agus monatóireacht ar an suíomh;
- Sceideal gairid nó seicheamh oibreacha;
- Costas measta an tionscadail.

#### 3. Ráiteas tionchair agus bearta maolaithe atá beartaithe (más infheidhme)

Aon tionchar ar dócha a bheidh ag oibreacha ar struchtúr mar aon le cur síos a dhéanamh ar bhealaí chun tionchar díobhálach a mhaolú. D'fhéadfadh go mbeadh dearadh, uainiú agus modheolaíocht (i.e. díon á dheisiú ag tráth nach mbeifear ag cur isteach ar choilíneacht ialtóg nó oibreacha rindreála á ndéanamh nuair a bheidh moirtéal aoil socraithe), inaisathraitheacht, ábhair á roghnú go cúramach, etc.

## 5. Iarratais a Chur Isteach - Forléargas



---

## 6. An Próiseas Measúnaithe

---

Déanfaidh painéal saineolaithe laistigh den Roinn Iarratais a bheidh faighte faoin spriocdháta **4.00 p.m. an 16 Feabhra 2018** a mheas, bunaithe ar na critéir chothrom-ualaithe seo a leanas:

- **Suntas an Struchtúir**
- **An Phráinn atá leis na hOibreacha**
- **Caighdeán an Ráitis Mhodha**
- **Éifeachtúlacht na nOibreacha**

**Suntas:** Éilíonn an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, gur chóir go mbeadh struchtúr cosanta **sainspéise** san áireamh faoi na catagóirí seo a leanas: ailtireachta, stairiúil, seandálaíochta, ealaíonta, cultúrtha, eolaíoch, sóisialta agus teicniúil.

**Práinn:** Glactar leis práinn a bheith le hoibreacha nuair is ann do bhaol sábháilteachta, dóiteáin nó slándála, sa chás go bhfuil baol d'uisce isteach agus/nó críonlobhadh, sa chás go bhfuil fianaise ann ar dhamáiste géarchéimneach a bheith déanta d'ábhar stairiúil (lena n-áirítear aon ghnéithe suntasacha, maisiú, nó déantúsáin, etc), sa chás go bhfuil gluaiseacht struchtúir i gceist, sa chás go bhfuil méadú luathaithe easpóntúil tagtha ar an ráta lobhaidh nó sa chás go bhfuil imthosca maolaitheacha eile i gceist.

**Ráiteas Modha:** Baineann sé seo le hábharthacht agus caighdeán an ráitis modha a cuireadh ar fáil - an nóta treorach, na hoibreacha beartaithe, scála an tionscadail agus caighdeán thaithí an duine nó na foirne atá freagrach as an tionscadal a sheachadadh.

**Éifeachtúlacht na nOibreacha:** Baineann sé seo le luach na n-oibreacha atá á ndéanamh i gcomhthéacs fhadsaol an struchtúir a chinntiú sa mheántréimhse nó san fhadtréimhse nó chun cuspóirí sonracha athnuachana ceantar-bhunaithe an údaráis áitiúil a chomhlíonadh. Ba chóir d'iarratasóirí míniú a thabhairt ar an gcaoi a léiríonn an maoiniú atáthar á lorg **luach ar airgead** agus a **gcuirfidh sé go suntasach** le deireadh a chur leis an mbaol agus tuilleadh meatha an struchtúir a chosc, agus ar an tslí sin a chinntiú go mairfidh an struchtúr sna blianta atá le teacht.

---

D'fhéadfadh an RCOG teagmháil a dhéanamh leis na húdaráis áitiúla chun soiléiriú a fháil maidir le hábhar éigin i bhfoirm iarratais sular gcuirtear tús le próiseas measúnaithe an phainéil.

I ndiaidh na n-iarratas a mheas, cuirfidh an painéal liosta de thionscadail cháilitheachta faoi bhráid an Aire lena gceadú. **Tá cinneadh an Aire maidir le bronnadh deontas críochnaitheach.** Cuirfidh an RCOG toradh an phróisis mheasúnaithe in iúl do gach údarás áitiúil agus foilseofar liosta de na tionscadail ar éirigh le oar láithreán gréasáin an RCOG [www.chg.gov.ie](http://www.chg.gov.ie). Ba chóir go mbeadh na sonraí céanna foilsithe ar láithreán gréasáin an údaráis áitiúil chomh maith.

Tabhair ar aird le do thoil go bhféadfadh an RCOG cigireachtaí a dhéanamh ar struchtúir atá á mbreithniú do mhaoiniú nó cigireachtaí struchtúr a bhfuil maoiniú ceadaithe ina leith má mheastar gá a bheith le lena leithéid.

## 7. Maoiniú a Aisghabháil

Tá gá le cómhaoiniú **de 20% ar a laghad de chaiteachas iomlán an tionscadail**. Sa chás nach féidir leis an iarratasóir cómhaoiniú ar fiú 20% é a sholáthar, **ní mór** é sin a chur in iúl don RCOG tráth a dhéantar an t-iarratas, agus ní mór fírinniú do mhaoiniú os cionn 80% de chostas iomlán an tionscadail a sholáthar.

**Is ar mhaithe leis na hoibreacha a bhfuil cur síos déanta orthu sa tairiscint, agus na hoibreacha sin amháin, atá an deontas á íoc mura bhfuil a mhalairt comhaontaithe i scríbhinn leis an Roinn.**

Ní féidir maoiniú ó **iarrachtaí deonacha** a úsáid chun an ceanglas a bhaineann le caiteachas meaitseála a chomhlíonadh.

Sa chás go bhfuil iarratas déanta ag iarratasóir ar, nó go bhfuil maoiniú faighte ó scéimeanna eile atá maoinithe ag an Stáchtiste nó ag an AE do na hoibreacha i gceist, níor chóir go sáródh iomlán carnach a leithéid de mhaoiniú **agus an deontas faoin scéim seo 80% den chostas iomlán, ach amháin in imthosca eisceachtúla**. Is é an t-údarás áitiúil a dhéanfaidh costas iomlán an tionscadail a fhíorú. Ní chuireann an teorainn seo bac, áfach, ar údarás áitiúil deontais CSB a fhorlíonadh lena acmhainní féin.

**Cáin Bhreisluacha (CBL)\*** Tá cáin bhreisluacha incháilithe d'aisíoc faoin scéim seo, don chuid sin de na hoibreacha a bhfuil deontas á fáil agus sna himthosca sin nach féidir leis an tairbhí a leithéid de CBL a aisghabháil ar bhealach ar bith eile. Ní hionann cánacha agus muirir eile (go háirithe cánacha díreacha agus ranníocaíochtaí slándála sóisialaí ar phána agus ar thuarastail) agus caiteachas incháilithe ach amháin sa chás go bhfuil siad á n-íoc ag i ndáiríre agus go deifnídeach ag tairbhí an deontais.


**Táillí Gairmiúla** Tá táillí gairmiúla incháilithe d'aisíoc faoin scéim seo, ach is don chuid sin de na hoibreacha a bhfuil deontas a fáil amháin a bheith i gceist. D'fhéadfadh sé sin suirbhéanna agus ráitis mhodha, maoirseacht agus monatóireacht ar an suíomh, costais réasúnta taistil agus chothabhála agus ainm a chur leis an tionscadal a áireamh.

**Ní mór don údarás áitiúil na hoibreacha comhaontaithe a chríochnú** agus a fhíorú sular féidir leis an iarratasóir íocaíocht maoiniú deontais a lorg.

**Tá na húdarais áitiúla freagrach as** íocaíocht na ndeontas leis na húnéirí/áititheoirí thionscadail cheadaithe CSB roimh aisghabháil a lorg ón RCOG.

Ní mór aon mhaoiniú deontais a sholáthraítear d'údarás áitiúil a dhéantar a aisghabháil ina dhiaidh sin faoi Alt 70 den *Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000* (arna leasú), ó únéirí/áititheoirí an struchtúir mhaoinithe, a aisíoc leis an RCOG.

Nuair a bheidh íocaíocht déanta le hiarratasóirí, ní mór don údarás áitiúil **Foirm B (Aguisín IV)** a chomhlánú agus a sheoladh ar ais faoin **2 Samhain 2017** chun an deontas a aisghabháil ón RCOG. Ní



---

mór don Oifigeach Caomhantais Ailtireachta (OCA) (nó mura bhfuil OCA fostaithe, ball d'fhoireann ghairmiúil an údaráis áitiúil atá in ann tabhairt faoin bhfeidhm seo) atá freagrach as an tionscadal an fhoirm seo a shíniú agus ní mór don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin nó don Stiúrthóir Seirbhísí an fhoirm seo a chomhlánú. **Ní mór** fianaise ar íocaíocht a bheith ag gabháil leis an bhfoirm m.sh., aisphrionta ó Agresso nó ó chóras airgeadais dá leithéid (a bhfuil ainm an iarratasóra, an méid arna íoc agus dáta íoca le feiceáil ann) agus áiseanna amhairc cosúil le grianghraif nó gearrthóga físe chun deis a thabhairt don RCOG comparáid a dhéanamh idir na híomhánna a tógadh 'roimh' agus 'i ndiaidh' na n-oibreacha críochnaithe.

**Forghéillfear aon mhaoiniú nach bhfuil éilithe faoin dáta dlite**

## Eolas Ginearálta

**Soláthar:** Ní mór don údarás áitiúil *Treoirínte Náisiúnta agus AE don Soláthar Poiblí* de chuid na Roinne Airgeadais a leanúint agus deontais á leanúint. Tá eolas cuimsitheach maidir le gach gné den soláthar poiblí le fáil ar [www.procurement.ie](http://www.procurement.ie). I ndáil le tionscadail tógála san earnáil phoiblí, is é an t-údarás áitiúil a bheidh freagrach as a aimsiú cibé an ionann nó nach ionann oibreacha agus tionscadail tógála san earnáil phoiblí agus an bhfuil nó nach bhfuil a leithéid faoi cheangal ag prionsabail Chiorclán 6/10 na Roinne Airgeadais: *Creat Bainistíochta Oibreacha Caipitiúla 2010*.

**Ceanglais Bhainistíochta Airgeadais:** Ní mór go mbeadh Ciorclán 13/13: *An Cód um Chaiteachas Poiblí: Pleanáil Caiteachais, Breithmheas & Measúnacht i Seirbhís Phoiblí na hÉireann – Caighdeán, Rialacha & Nósanna Imeachta* á chomhlíonadh ag gach nós imeachta, rud a chiallaíonn go bhfuil dualgas ar gach comhlacht poiblí in Éirinn cistí poiblí a láimhseáil go cúramach agus a chinntiú go bhfuil an luach is fearr is féidir ar airgead á fháil cibé áit a bhfuil airgead poiblí á chaitheamh nó á infheistiú.

<http://publicspendingcode.per.gov.ie>

Ní mór d'Údarás cloí lena fhreagrachtaí, mar Dheontóir agus mar Dheontaí, i ndáil le Ciorclán 13/2014: *Bainistíocht agus Cuntasacht Deontas ó Chistí Stáitchiste*, i ndáil le caiteachas cistí poiblí trí íocaíocht amach maoiniú deontais chuig gach comhlacht, lena n-áirítear gníomhaireachtaí, cuideachtaí, coistí, grúpaí comhairleacha, carthanais, nó daoine aonair, cibé an ndéantar a leithéid go díreach ó Vótaí na Ranna/Oifigí Rialtais nó trí chomhlacht idirghabhála nó sraith comhlachtaí.

<http://circulars.gov.ie/pdf/circular/per/2014/13.pdf>

**Nósanna Imeachta Imréitigh Cánach:** Ní mór cloí leis na nósanna imeachta ábhartha imréitigh cánach a bhaineann le híocaíochtaí deontais na hearnála poiblí atá leagtha síos ag na Coimisinéirí Ioncaim. Féach ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie) le haghaidh tuilleadh sonraí. Dé réir Alt 4(1) de Chiorclán 44/2006 na Roinne Airgeadais: *Nósanna Imeachta Imréitigh Cánach: Deontais, Fóirdheontais agus Íocaíochtaí Cosúla*, beidh gach údarás áitiúil freagrach as a chinntiú go mbeidh na hiarratasóirí, conraitheoirí agus fochonraitheoirí ag cloí leis na nósanna imeachta cearta imréitigh cánach, agus go mbeifear ag cloí chomh maith céanna le nósanna imeachta rialaithe airgeadais na n-údarás áitiúil freisin.

**Iarratasóir a bhfuil Faoiseamh Cánach gaolmhar á fháil aige:** i gcás na n-úinéirí sin a bhfuil cinneadh déanta ina leith faoi **Alt 482** den *Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997* (arna leasú) (Alt 19 den *Acht Airgeadais 1982* roimhe sin) agus/nó sa chás go bhfuil faoiseamh cánach faighte ag an úinéir/áititheoir faoin **Scéim um Fheabhsúcháin Tí** nó faoin **Tionscnamh Living City**, is ar an úinéir/áititheoir a bhfuil na faoisimh chánach seo á bháil aige a bheidh an dualgas, áfach, na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar an eolas maidir le haon mhaoiniú a fhaightear tríd an scéim seo. Cuirfidh an RCOG liosta de na hiarratasóirí ar éirigh leo faoin scéim seo ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim.

**Aistriú Úinéireachta/Díliostú:** Má scriostar an struchtúr a bhfuil maoiniú deontais á fháil aige ón TSC, má dhíoltar é nó má aistrítear an úinéireacht laistigh de thréimhse 5 bliana ó dháta íocaíochta an deontais, tá an ceart ag an údarás áitiúil cuid den airgead deontais a aisghlámadh (comhsheasmhacht le SIOT). Sa chás go n-aistrítear úinéireacht sula n-íoctar deontas, féadfaidh an t-údarás áitiúil socrú a dhéanamh an deontas a aistriú chuig úinéir nua na maoinéireachta ach é/í a bheith iomlán géilliúil do gach coinníoll atá ceangailte leis an deontas. I ndáil le struchtúir atá beartaithe a bheith faoi chosaint a bhfuil maoiniú bronnta orthu agus nach bhfuil curtha leis an TSC faoin 21 Nollaig, coimeádann an RCOG an ceart aisíocaíocht nó maoiniú a lorg ón údarás áitiúil.



**Ceanglais Reachtúla:** Ní mór go mbeadh na ceanglais reachtúla uile lena n-áirítear an gá atá le cead pleanála á gcomhlíonadh ag oibreacha a bhfuil deontas ceadaithe ina leith. Sa chás go bhfuil sé beartaithe oibreacha a dhéanamh ar shuíomhanna/séadchomharthaí atá á gcosaint faoi *Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930-2004*, ní mór na ceanglais reachtúla a bhaineann le fógra a thabhairt nó le toiliú an Aire faoi na hAchtanna sin a chomhlíonadh.

Sa chás go lorgaíonn iarratasóir dearbhú faoi Alt 5 nó Alt 57 den *Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000* (arna leasú), chun oibreacha sonracha a dhíolmhú ó rialú pleanála atá faoi réir iarratais ar dheontas, ba chóir don údarás pleanála iomchuí an t-iarratas a phróiseáil chomh tapa agus is féidir. Ní féidir ach oibreacha nach mbeadh difear ábhartha acu ar charachtar an struchtúir, nó aon eilimint dó a chuireann lena sainspéis, a dhíolmhú ó cheanglas cead pleanála a fháil ar an mbealach seo.

**Beidh ar an iarratasóir cóipeanna de na ceadanna, na dearbhuithe, na fógraí nó na toilithe ábhartha uile a chur isteach nuair a dhéantar éileamh ar dheontas.**

Is ar an iarratasóir atá an dualgas gach riachtanas reachtúil eile a chomhlíonadh, Treoracha Gnáthóga ón Aontas Eorpach (más infheidhme), ceadúnais urthrá (más infheidhme), reachtaíocht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas, agus reachtaíocht comhshaoil agus fostaíochta mar shampla. Tarraingítear aird an údaráis áitiúil ar: *(DAHRRGA 2012) Dianchosaint Speiceas Ainmhithe: Treoir d'údaráis áitiúla maidir le feidhmiú Airteagal 12 agus 16 den Treoir Gnáthóga ón Aontas Eorpach i ndáil le forbairt/oibreacha curtha i gcrích ag nó thar ceann údarás áitiúil*. Tá an foilseachán dar teideal *Bat Mitigation Guidelines for Ireland* (2006) ar fáil ar láithreán gréasáin an RCOG ag: <https://www.npws.ie/publications/search?title=bat+mitigation&keyword=&author=&series=All&year=&x=0&y=0>

**Tuarascáil Bhliantúil agus Poiblíocht:** Ba chóir go mbeadh eolas maidir le feidhmiú a chiste san áireamh ag údarás áitiúil ina Thuarascáil Bhliantúil. Ba chóir aitheantas poiblí a thabhairt don tacaíocht atá faighte ón RCOG i ngach fógra agus ábhar poiblíochta a bhaineann leis an scéim seo.

**Maoiniú Státchiste Eile:** D'fhéadfadh tionscadail áirithe a bheith incháilithe chun maoiniú a fháil ó níos mó ná scéim deontais amháin atá maoinithe go poiblí. D'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar na gceanglais mhaoinithe mheaitseála don scéim, ba chóir don údarás áitiúil eolas a cuireadh ar fáil i gCuid 1f. den fhoirm iarratais a chros-sheiceáil i ndáil le deontais fhéideartha eile ó scéimeanna eile, go háirithe:

- (a) An Scéim Deontais Tuíodóireachta arna riar ag an RTPRÁ
- (b) Cláir Oidhreachta Tógtha arna riar ag RCOG (lena n-áirítear an SIOT)
- (c) Deontais chaomhantais á riar ag an gComhairle Oidhreachta, agus chás go bhfuil iarratas déanta ag iarratasóir ar, nó go bhfuil maoiniú faighte ó scéimeanna eile atá maoinithe ag an Státchiste nó ag an AE do na hoibreacha i gceist, níor chóir go sáródh iomlán carnach a leithéid de mhaoiniú agus an deontas faoin scéim seo **80% den chostas iomlán, ach amháin in imthosca eisceachtúla.**

**Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise:** D'fhéadfadh go mbeadh iarratais ar mhaoiniú faoin scéim faoi réir na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

**Teagmháil:** Má theastaíonn tuilleadh eolais faoin scéim seo uait, téigh i dteagmháil le **Polasáí Oidhreachta Tógtha & Ailtireachta, RCOG**, Teil. 01 888 2428 nó seol ríomhphost chuig [CSB@chg.gov.ie](mailto:CSB@chg.gov.ie)